Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Droichead

## Foghlaim Ghairmiúil do Bhaill na Foirne Tacaíochta Gairmiúla



# Loga Foghlama Machnamhach




Gníomhaíocht 1:
Seiceáil Chompáis

# Lá 1

Maidir le Droichead, is ar mhaithe le do mhachnaimh phríobháideacha agus an tuiscint atá agat air an spás thíos:

Cá bhfuilim faoi láthair?

Cad a spreagann mé...?




Cad a thacóidh liom?

Cén chríonnacht a chothóidh mé sa ról?

## Gníomhaíocht 2:
## Plé ar an mBeartas Droichead

Le linn duit na míreanna ón mbeartas Droichead a léamh, cad iad na frásaí, nó na smaointe, is mó a sheasann amach duit? Cén fáth?

Breac síos do chuid smaointe sa spás atá curtha ar fáil.

| | |
|---|---|
| Is creat comhtháite ionduchtaithe gairmiúil ar mhaithe le Múinteoirí Nuacháilithe é an próiseas Droichead...Tacaíonn Droichead le MNCanna de réir mar a aistríonn siad ó OTM agus nuair a chuireann a bpiaraí fáilte rompu isteach sa ghairm ... chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhúinteoirí agus iad ag tosú ar a ngairmeacha beatha. Is é príomhchuspóir phróiseas Droichead tacú le foghlaim ghairmiúil MNCnna le linn na céime ionduchtúchaithe...agus ar an gcaoi sin an bhunchloch a leagan d'fhás agus d'fhoghlaim ghairmiúil ina dhiaidh sin.<br>Tar éis an phróisis Droichead, déanann an MNC dearbhú go bhfuil siad réidh le bogadh go dtí an chéad chéim eile ar chontanam an oideachais múinteoirí. Déanann an múinteoir agus comhghleacaithe a bhfuil taithí acu comhdhearbhú, tar éis mhachnamh comhchoiteann, gur ghlac siad páirt i bpróiseas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán de bharr a rannpháirtíochta in Droichead.<br>Tá dhá phríomhshnáithe den phróiseas Droichead mar chreat comhtháite ionduchtúcháin... Is ionduchtúchú scoilbhunaithe (Snáithe A) an chéad snáithe,áit a dtacaíonn comhghleacaithe a bhfuil taithí acu leis an MNC. Tá an dara snáithe comhdhéanta de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B), lena gcuimsítear freastal ar chnuaschruinnithe MNC in ionaid oideachais áitiúla, agus gníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile a bhaineann le riachtanais an MNC.<br>(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch 4-5) | Nótaí Breise |

# Gníomhaíocht 3: A Fhiúntaí atá sé Tacú le MNCanna

## Ó do léamh, can iad na buntáistí a bhaineann le meantóireacht?

### Seomra ar Leithligh 1

**Aistrithe ó DQA Panel Report (2022)**

5.7.2 I mbeagnach leath de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu, fuair MNCanna deis níos mó ná an t-íoslíon de dhá bhreathnóireacht atá leagtha síos sa bheartas a dhéanamh. Is gné bhunúsach de bheartas Droichead iad na breathnóireachtaí, agus d'aithin MNCanna go raibh tairbhe shuntasach ag baint leo dá bhforbairt ghairmiúil. I gcúig scoil, labhair MNCanna faoin tslí ar chuir na breathnóireachtaí ar a suaimhneas iad agus gur thug siad muinín dóibh ina gcleachtas.

5.7.6 Bhí tionchar ilghnéitheach agus tairbheach go frithpháirteach ag baint leis na breathnóireachtaí, agus seo a leanas cuid de na buntáistí a sainaithníodh:

– I mbeagnach gach scoil ar tugadh cuairt uirthi, bhí na breathnóireachtaí bunaithe ar riachtanais na MNCanna. Bhraith MNCanna go ndearnadh dearbhú ar a gcleachtas agus, dá bharr sin, gur mhéadaigh a muinín. Thuig MNCanna go raibh breathnú ar chomhghleacaithe tábhachtach agus thuairiscigh siad gur bhain siad an-chuid tairbhe as breathnú ar mhúinteoirí le níos mó taithí.

– Go háirithe, labhair MNCanna faoin luach a bhain le breathnú ar mhúinteoir le níos mó taithí ag múineadh a rang féin mar rud an-tairbheach. Thug roinnt MNCanna faoi deara gur mhaith leo deis a fháil páirt a ghlacadh i níos mó breathnóireachtaí. Thuairiscigh ball amháin den FTG freisin go bhféadfadh sé a bheith níos tairbhí fós do mhúinteoir a bhfuil níos mó taithí aige/aici dul isteach agus múineadh i rang an MNC, mar d'fhéadfadh an MNC a bheith ag iarraidh bainistíocht iompair, riachtanais speisialta, difreáil, agus a cheacht a mhúineadh a láimhseáil ag an am céanna. D'fhéadfadh sí an múinteoir le níos mó taithí a fheiceáil ag tabhairt fúthu sin ar fad agus í ag obair leis na daltaí. ”

## Aistrithe ó DEEPEN Report (2021)

Tuigtear agus aontaítear go hidirnáisiúnta go bhfuil tábhacht mhór ag baint le tacaíocht mheantóra agus le deiseanna comhoibrithe le múinteoirí eile, breathnú ar mhúinteoirí eile agus freastal ar chláracha forbartha gairmiúla leo (Kearney, 2014).

Measadh go raibh an fiúntas is mó i 'gcomhráite gairmiúla', agus ina dhiaidh sin go raibh fiúntas ag baint leis na 'gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla' agus an phróiseas 'breathnóireachta'. Nuair a thug baill an FTG aiseolas fiúntach, comhairle, treoir agus eolas comhroinnte ar fáil ar bhonn comhoibritheach agus comhghleacaitheach, bhraith na MNCanna gur leag Droichead bunchloch láidir dá ngairm mhúinteoireachta.

Is 'cairde criticiúla' iad baill an FTG, nó 'anamchairde (comhairleoirí)', feictear iad mar eiseamláirí do MNCanna, ní hamháin maidir le curaclam agus oideolaíocht, ach go háirithe mar shamplaí gairmiúla a léiríonn agus a thugann léargas ar ról an mhúinteora gairmiúla. Measann baill an FTG gurb é an úsáid is éifeachtaí ama a chuirtear i leataobh do Droichead ná 'Breathnóireacht na MNCanna ar chleachtas mhúinteoirí eile', agus ina dhiaidh sin 'Comhráite gairmiúla leis an FTG'.

Measann ceannairí scoile go bhfuil a rannpháirtíocht mar chuid den FTG mar chuid lárnach dá ról, ós rud é go dtugann sé deiseanna dóibh tacú le MNCanna, meantóireacht a sholáthar, cabhrú leo, aithne a chur ar fhoireann na scoile, agus ionchur bainistíochta a chinntiú i meantóireacht na MNCanna.

Thuairiscigh Helms-Lorenz et al., (2016) gurb é caighdeán na meantóireachta, seachas fad na meantóireachta, a chothaíonn fás i dtreo meonta dearfacha agus scileanna. Tuairiscíonn MNCanna go mbraitheann siad luachmhar agus go bhfuil meas orthu mar chomhghleacaithe nuair a bhíonn cumarsáid chuí ar fáil.

## Aistrithe ó A Teacher's Guide to Effective Mentoring (2017)

### Comhbhuntáistí na meantóireachta

Tá neart buntáistí féideartha ag baint le méanóireacht do mhéantóir agus do mhúinteoir nua, agus freisin do scoil, do chóras oideachais agus don ghairm mhúinteoireachta. Ó thaobh meantóireacht éifeachtach de, is gné chomhthairbheach fhiúntach de sin deiseanna a bheith ag duine eolas domhain praiticiúil a chur ar fáil, idir ábhar oideolaíochta agus taithí.

I measc na mbuntáistí suntasacha eile tá:

- méadú ar ráta forbairt ghairmiúil, ar fhéinmhachnamh agus ar chumas réiteach fadhbanna do mhéantóir agus do mhúinteoir nua araon
- méadú ar mhuinín, féinmheas, moráltacht agus féinaitheantas
- deiseanna chun scileanna nua, straitéisí múinteoireachta agus teicnící cumarsáide a fhoghlaim, lena n-áirítear conas dul i ngleic le comhráite bunaithe ar fhianaise
- tuiscint níos láidre ar chuimsiú nó laghdú ar mhothúcháin uaigneach
- deiseanna chun comhoibriú go dlúth, dúshláin a roinnt, agus an tuiscint ar éacht a bhainistiú go rathúil a fhorbairt
- an fhoghlaim  a thagann ó dheiseanna rialta labhairt faoi mhúineadh agus foghlaim, faoi dhaltaí, straitéisí agus gaiscí chomh maith le dúshláin
- deiseanna chun fianaise ar fhoghlaim na ndaltaí a bhailiú agus a anailísiú, rud a thugann léargas gairmiúil do mhéantóir agus do mhúinteoir nua;
- braistint chómhuintearais a fhorbairt as bheith ag cur leis an scoil agus lena phobal.

## Gníomhaíocht 4
## Cleachtas Gairmiúil a Bhreithniú

Conas a léirímid, mar mhúinteoirí, ár gcleachtas gairmiúil?

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht i nGníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla agus Ionduchtú Scoilbhunaithe | |
| Tiomantas do Mhúineadh agus Foghlaim ar Ardchaighdeán | |
| An bhaint phearsanta atá againn le Cleachtas Machnamhach | |
| An bhaint atá againn le Cleachtas Machnamhach i gcomhar le chéile | |

# Gníomhaíocht 5:
# Teimpléad Sracphlean Droichead

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Droichead – Teimpléad Sracphlean Droichead - 2026.2027

**Meán Fómhar 2026**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 |
| 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 |
| 27 | 28 | 29 | 30 | | | |

**Deireadh Fómhar 2026**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 |

**Samhain 2026**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 29 | 30 | | | | | |

**Nollaig 2026**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 |
| 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 |
| 27 | 28 | 29 | 30 | 31 | | |

**Eanáir 2027**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 1 | 2 |
| 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
| 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 |
| 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 |
| 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 |
| 31 | | | | | | |

**Feabhra 2027**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | | | | | | |

**Márta 2027**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | 31 | | | |

**Aibreán 2027**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | |

**Bealtaine 2027**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | 1 |
| 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
| 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 |
| 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 |
| 30 | 31 | | | | | |

**Meitheamh 2027**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 |
| 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 |
| 27 | 28 | 29 | 30 | | | |

| | |
|---|---|
| Gníomhaíochtaí Ionduchtaithe | Breathnóireacht *ag* an MNC |
| | Breathnóireacht *ar* an MNC |
| | Gníomhaíochtaí Ionduchtaithe Eile |
| Cruinnithe | Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) |
| | FTG agus MNC(anna) |
| | Comhráite Gairmiúla Ráithiúla Sceideálaithe |
| An Fhoireann Uile | Seisiún Eolais Droichead |
| | Laethanta Saoire Scoile |

### Droichead

Baill FTG ag tacú le MNC:

- ______________________
- ______________________
-
-

Dáta a fuarthas an ríomhphost deimhnithe:

______________________

Dáta deiridh sealadach:

______________________

### Snáithe B: Cnuaschruinnithe

Ní mór do MNCanna:

- an Seimineár Gréasáin (SG) a chríochnú
- freastal ar Chnuaschruinniú Ginearálta (CCG)
- roghnaigh agus freastal ar Chnuaschruinniú Dírithe (CCD) amháin

Dátaí molta le freastal ar an:

SG ______________________

CCG ______________________

CCD ______________________

### Snáithe A

Dataí molta le haghaidh:

Breathnóireachtaí *ag* an MNC

- ______________________
- ______________________
-
-

Breathnóireachtaí *ar* an MNC

- ______________________
- ______________________
-
-

### Snáithe B: Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Eile

Ní mór do MNCanna tabhairt faoi ghníomhaíocht foghlama gairmiúla amháin eile, a shainaithneoidh siad féin de réir a riachtanas foghlama gairmiúla, i gcomhairle leis an FTG.

Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Eile:

______________________

Dáta le freastal ar an imeacht:

______________________

Oide.ie

CC BY NC

## Gníomhaíocht 6:
## Comhráite Gairmiúla agus Gníomhaíochtaí Ionducháin

Bain úsáid as na boscaí thíos chun machnamh a dhéanamh ar chomhráite gairmiúla agus gníomhaíochtaí ionduchtúcháin.

**Cad iad na gnéithe de shaol scoile agus/nó cleachtas gairmiúil a thabharfadh MNC leo, b'fhéidir, chun plé le linn 'comhrá gairmiúil'?**

1. Cumarsáid le tuismitheoirí
2. Deiseanna foghlama a leathnú ar mhaithe le scoláirí sárchumasacha sa léitheoireacht

**Cad iad na táscairí dea-chleachtais?**

1. Úsáideann múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí múinteoirí agus cumarsáid eile le tuismitheoirí go cuiditheach chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí. (Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022, lch 34)
2. Tá múinteoirí feasach ar riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais aonair na scoláirí, agus cuireann siad cleachtais foghlama agus teagaisc in oiriúint dá réir. (Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022, lch 32)

**Conas a bheadh tionchar ag comhthéacs na scoile ar ghníomhaíochtaí ionduchtúcháin?**

1. Tá beartas cumarsáide ar leith ag an scoil a chuimsíonn úsáid ardán cumarsáide digiteach agus eolas ar chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí
2. Tá bogearraí léitheoireachta digiteacha ar fáil sa scoil ar féidir iad a úsáid chun deiseanna foghlama sa léitheoireacht a leathnú do dhaltaí

**Cad iad na Gníomhaíochtaí Ionduchtúcháin a bheadh ábhartha chun tacú leis an MNC sa chás seo?**

## Gníomhaíocht 7:
## Caidreamh Gairmiúil a Thógáil

Cad iad na gnéithe de chaidreamh gairmiúil éifeachtach?

Bíonn caidrimh ghairmiúla an-éifeachtach nuair a…


## Gníomhaíocht 8:
## Gníomhaíocht Éisteachta

Lean treoracha an éascaitheora...

## Gníomhaíocht 9:
## GFGB Cás-Staidéar

Cén Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Breise a d'fhéadfadh Fiona freastal uirthi?

Téigh go dtí Sracphlean Droichead lch. 7


Oide
Droichead – Teimpléad Sracphlean Droichead - 2026.2027

## Gníomhaíocht 10:
## Machnamh ar Lá a hAon

Cad iad na nithe is tábhachtaí a thabharfaidh tú leat:
1. faoi Droichead
2. faoin ról atá ag an FTG
3. faoi chumas a chur ar MNCanna

# Lá 2

## Gníomhaíocht 11:
## I mbun Bhreathnú ar Cheacht

**Múinteoir:** Fiona **Ábhar:** Matamaitic **Céim:** 1
**Rang:** Naíonáin Shóisearacha

**Snáithe:** Cruth agus Spás I **Fócas na Breathóireachta:** Teicnící Ceistithe

Chun tús a chur leis an gceacht, dúirt Fiona leis na leanaí go bhfoghlaimeoidís faoi cheithre chruth 2T. Ba é an ciorcal a léirigh sí ar dtús, agus í ag cur íomhá mór de chiorcal ar an gclár bán idirghníomhach. D'fhiafraigh sí, "Ciorcal é seo, nach ea?" agus d'fhiafraigh sí ansin, "An féidir le héinne rud sa seomra ar ciorcal é a fheiceáil?" Bhog sí ar aghaidh tar éis di dhá fhreagra a fháil ó bheirt leanaí.

Cuireadh na leanaí ina ngrúpaí beaga agus tugadh pacaí cruthanna dóibh. D'iarr Fiona ar gach dream an ciorcal a thógáil as agus a méar a chur ar a imeall. Bhain sí úsáid as ceisteanna simplí tabhairt chun cuimhne i gcás roinnt scoláirí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Béarla mar theanga breise acu, leithéidí "An bhfuil cúinní ar an gcruth sin?" agus "An mbraitheann sé cruinn?" Chlóigh sí le nós imeachta ba mhar a chéile le haghaidh na gcruthanna eile.

Maidir le grúpaí eile, bhain Fiona úsáid as ceisteanna comparáide agus ceisteanna réasúnaíochta mar seo a leanas ionas go gcuirfí síneadh ar a gcuid smaointe: "Cad é an difear idir an cruth seo agus triantán?", "Cad ina thaobh ar dóigh leat gur dronuilleog seachas cearnóg an ceann seo?" Ba dheacair do roinnt scoláirí iad a fhreagairt agus i gcásanna eile is le tacaíocht a phléigh roinnt eile acu leo.

Bhain sí úsáid as póstaeir mhaighnéadacha chun na ceithre chruth a léiriú ar an gclár. Mhínigh sí go nglacfadh na leanaí sealanna ag caint fúthu ag an gclár. D'fhan sí os comhair an ranga, áfach, ag fiafraí ceisteanna amhail, "An é seo an chearnóg?" agus "An féidir leat an triantán a fheiceáil?" fad a shínigh sise méar orthu í féin. Tháinig formhór na bhfreagraí ón rang as béil a chéile, agus níor tháinig leanbh ina aonar go dtí an clár.

Le haghaidh na chéad ghníomhaíochta eile, d'oibrigh leanaí ina ngrúpaí chun na ceithre chruth a shórtáil ar mhataí A3. Bhí réimse ábhar ullmhaithe ag Fiona le haghaidh an taisc sin. Fad a bhog sí timpeall ar an seomra, chuir sí ceisteanna ar ghrúpaí chun idirghníomhú leo, leithéidí "An dronuilleog é sin?" agus "An bhfuil sé curtha san áit cheart agat?" Rinne sí a thuilleadh fiosraithe anois is arís le "Cá bhfios duit?" Spreag sí iad chun an tasc a chur i gcrích agus mhol sí as obair chríochnaithe a ngrúpa.

Bhí gníomhaíocht dheireanach—pictiúir atá le cruthú as ceithre chruth—le déanamh ach cuireadh ar athlá í de bharr srianta ama. Mhínigh Fiona go gcuirfí i gcrích é sin an lá ina dhiaidh sin.

## Tar éis cur síos an cheachta a léamh, freagair na ceisteanna thíos.

Ag cur fhócas an cheachta san áireamh (teicnící ceistithe), cad ba mhaith leat a phlé le Fiona i ndiaidh an cheachta sin?

Cad iad na láidreachtaí i gcleachtas Fiona?

Cad iad na réimsí is féidir a fhorbairt?

Conas a phléifeá le Fiona na réimsí is féidir a fhorbairt?

Cad é/iad an réimse/na réimsí a dtabharfá tosaíocht dó? Cén fáth?

## Gníomhaíocht 12:
## Rólimirt Iar-bhreathnóireachta

Samhlaigh gur tú an FTG a thacaíonn le "Fiona". Bain úsáid as na ceisteanna thíos chun dul i mbun chomhrá iar-bhreathnóireachta.

Conas a mheasann tú a bhí an ceacht? Cén fáth a deir tú é sin?

Cad a d'éirigh go maith leis?

Cad a chuir tú san áireamh agus an ceacht seo á ullmhú agat?(Comhthéacs)

An raibh nithe gan choinne ann?

An amhlaidh a bhí gnéithe den cheacht a bhí thar a bheith tarraingteach nó gnéithe nach raibh chomh tarraingteach?

An dóigh leat gur sásaíodh riachtanais na bhfoghlaimeoirí? Cá bhfios duit?

Cad a d'fhoghlaim tú as an rang/ceacht sin?

Dá múinfí an ceacht arís, cad iad na nithe, má tá siad ann, a dhéanfá ar bhealach eile? Cén fáth?


(aistrithe ó Horn & Metter-Armijo (2011) agus Randal & Thornton (2001))

Breac síos do chuid smaointe thíos.

## Gníomhaíocht 13:
## Rangú triantáin

Aithin ó 1-6 na róil a bhraitheann tú gurb iad na róil is tábhachtaí mar bhall FTG.

- Áisitheoir
- Urlabhraí
- Comhoibrí
- Teagascóir
- Éisteoir a bhfuil muinín air/uirthi
- Bailitheoir fianaise
- Ceannaire
- Duine réitithe fadhbanna
- Foghlaimeoir




(Horn agus Metler-Armijo 2011)

# Gníomhaíocht 14:
# Teoiric a Chur i gCleachtas

Léigh an cás a leagadh ort agus pléigh conas a thabharfá faoin gcás ar cuireadh síos air.

## Seomra ar Leithligh 1

**1** Cuireann an príomhoide in iúl don FTG go mbeidh MNC breise ag teacht isteach san fhoireann i mí Eanáir. Is amhlaidh atá beirt bhall den FTG a thacaíonn le cúigear MNCanna faoi láthair.

**2** Fiafraíonn comhbhall foirne: “Tar éis breathnóireachta a dhéanamh ar mo rang, bhí ceisteanna ag an MNC maidir le difrealú – ach an é tacú leo ina chuid dár ról?”

## Seomra ar Leithligh 2

**3** Deir MNC "Chaill mé cnuaschruinniú sceidealta agus tá imní orm faoin dtionchar a bhféadfadh a bheith aige seo ar mo rannpháirtíocht le heilimintí foghlama gairmiúla Droichead. Cad a mholfá dom a dhéanamh ina dhiaidh sin?"

**4** Níl ionadaí ag an Leas-Phríomhoide chun rang de chuid bhall den FTG a clúdach le haghaidh a mbreathnóireacht atá sceidealaithe um thráthnóna.

## Seomra ar Leithligh 3

**5** Tugann ball de FTG faoi deara nach bhfuil an MNC ag glacadh leis an chomhairle agus an tacaíocht tugtha dóibh i ndiaidh an chéad dá bhreathnóireacht.

**6** Téann MNC i dteagmháil le ball de FTG chun a rá gur chuala siad ball eile den FTG ag plé a gcleachtas seomra ranga le baill eile den fhoireann.

## Seomra ar Leithligh 4

**7** Faigheann ball de FTG ceist ó MNC: Cad é an tslí is fearr chun ullmhú le haghaidh mo chéad chruinniú tuismitheoirí is múinteoirí? Ba dheas liom go mbeadh fiúntas ann ach nílim cinnte conas tús a chur leis an ullmhú. "


**8** MNC: “Tá sé i gceist agam ár lá dúnadh scoile EFG a úsáid mar mo ghníomhaíocht foghlama gairmiúla eile le haghaidh Shnáithe B. An bhfuil sé sin ceart go leor?”

# Gníomhaíocht 15:
# Acmhainní ar an Suíomh Gréasáin

Lean na céimeanna thíos chun teacht ar acmhainní breise dár gcuid.

## 1 Iarratais/Cuir in áirithe

1. Oscail do bhrabhsálaí agus téigh go https://www.oide.ie
2. Ar an leathanach baile, téigh go dtí an roghchlár nascleanúna ar an mbarr.
3. Cuir an luchóg os chionn "Iarratais / Cuir in áirithe".
4. As an roghchlár anuas, roghnaigh 'Droichead'.
5. Roghnaigh an bealach rochtaine áirithe agat.
6. Roghnaigh an t-imeacht foghlama gairmiúla ábhartha ar mian leat clárú dó.







✅ Breac síos aon imeacht amháin ar mhaith leat freastal air amach anseo.


## 2 Nuacht & Uasdátuithe

1. Oscail do bhrabhsálaí agus téigh go https://oide.ie/ga/droichead/baile/
2. Aimsigh an tíl, Nuacht & Uasdátuithe, leis na céimeanna seo a leanas Baile> Ionduchtú Droichead > Nuacht & Uasdátuithe




✅ Déan nóta den dá phostáil is déanaí. Cad é an bhaint atá acu le do ról mar bhall de FTG?

## 3 Sracphlean Droichead




✅ Tasc: Aithin acmhainn eile sa chuid seo agus mínigh conas a thacódh an acmhainn sin leis an bhfoireann tacaíochta gairmiúla i do scoil.

## 4 Múinteoirí Nuacháilithe

Fill ar an leathanach baile Droichead agus téigh go "Tacaíochtaí Droichead".

📌 Brioscaí Aráin:
Home>Ionduchtú Droichead> Bunscoil>Tacaíochtaí Droichead

✅ Cad iad na hacmhainní atá ar fáil do Mhúinteoirí Nuacháilithe?
✅ Conas a chabhródh na hacmhainní sin leat i do ról?

## Gníomhaíocht 16:
## Machnamh ar an Dara Lá

Cad iad na nithe is tábhachtaí a thabharfaidh tú leat:
1. faoi Droichead
2. faoin ról atá ag an FTG
3. faoi chumas a chur ar MNCanna

# Nótaí

## Am Machnaimh



## Aguisín 1:
## Cás-Staidéar

Is múinteoir nuacháilithe í Fiona a chuir tús lena céad phost múinteoireachta i do scoil le déanaí. Tá sí ar conradh 12.5 uair sa tseachtain le haghaidh na scoilbhliana ar fad agus múinfidh sí Naíonáin Shóisearacaha. Mar bhall den FTG, tabharfaidh tú tacaíocht do Fiona agus tá cruinniú socraithe agat chun sracphlean a dhéanamh i gcomhar le chéile léi.

Roinnt seachtainí tar éis thús na scoilbhliana, tagann Fiona a fhad leat agus iarrann sí ort tacú léi a "Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Amháin Eile", atá ina chuid de Snáithe B i Droichead, a roghnú. Míníonn sí nach bhfuil sí cinnte cad atá oiriúnach agus luann sí go bhfuil suim aici ina thuilleadh gníomhaíochtaí foghlama comhoibríocha a úsáid ina ceachtanna. Teastaíonn sé uaithi, áfach, go bhfaighfí roinnt treorach i dtaobh gníomhaíocht foghlama ábhartha a aithint.

Níl ach trí seachtaine fágtha ag Fiona sa scoil agus tá fonn uirthi Droichead a chur i gcrích le linn na tréimhse sin. Is iomaí sin cúis a cuireadh roinnt cruinnithe leis an FTG ar athlá nó ar ceal le linn na bliana.

Cé go bhfuil na baill den FTG sásta go raibh Fiona rannpháirteach, is é a dtuairim nach bhfuil a dóthain dul chun cinn déanta aici. Ar an mbonn sin, níl siad sásta an comhdhearbhú a shíniú. Ní aontaíonn Fiona leo mar dar léi go bhfuil gach gné de Droichead a theastaíonn comhlíonta aici.